C/2025/2009

30.4.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Margadh inmheánach an Aontais a thabhairt chun críche go fisiciúil sa chomhthéacs geopholaitiúil nua

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/2009)

Rapóirtéir: **Päivi Elina WOOD**

Comhairleoir	Tellervo KYLÄ-HARAKKA-RUONALA (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	24.10.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	5.2.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.2.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	594
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	208/0/2

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá tábhacht thar na bearta ag baint leis na naisc iompair má táthar chun an margadh aonair a thabhairt chun críche agus a chur ag feidhmiú i gceart agus ba cheart breathnú ar bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh (TEN-T) mar uirlis riachtanach d'fhonn feabhas a chur ar iomaíochas domhanda, slándáil, agus comhtháthú críochach an Aontais. Cúrsaí geopholaitiúla mar atá faoi láthair, is léiriú eile iad ar a thábhachtaí atá ról an iompair agus na lóistíochta. Is é is aidhm don tuairim féintionscnaimh seo cuimhneamh ar ar cheart a dhéanamh leis an mbonneagar iompair agus na naisc iompair a fheabhsú i bhfianaise an chomhthéacs nua atá ag athrú i gcónaí.

1.2. Cuireann CESE i bhfáth gur ina n-iomláine is gá cuimhneamh ar na gréasáin iompair i gcónaí, ó thaobh na modhanna éagsúla iompair de, agus aird ar leith a thabhairt ar na nóid a éascaíonn an ilmhódúlacht, leithéidí calafort agus aerfort. Cé go bhfuil sé ríthábhachtach an t-iompar a éascú sna codanna is lárnaí agus is déine úsáid den ghréasán iompair, tá sé fíorthábhachtach freisin nascacht mhaith agus rochtain chuí ar an margadh aonair a chur ar fáil do na limistéir fhorimeallacha. Iarmhairtí na ngéarchéimeanna is déanaí don nascacht laistigh den Aontas, caithfear iad a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach iomchuí.

1.3. De bhreis ar aghaidh a thabhairt ar bhonn práinne ar easnaimh an ghréasáin iompair mar atá, ní mór don Aontas a áirithiú go bhfuil an gréasán ag teacht le riachtanais nua na slándála eacnamaíche agus geopholaitiúla, béim níos mó ar an táirgeadh intíre agus ar an margadh aonair san áireamh, d'fhonn slándáil an tsoláthair amhábhar, comhpháirteanna agus táirgí a fheabhsú. Lena chois sin, iarrann CESE go gcuirfí béim bhreise ar dhé-úsáid an bhonneagair, agus go n-oibreofaí i gcomhar le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT).

1.4. Ní mór an comhar agus an nascacht le tríú tíortha a fhorbairt freisin, rud a chabhróidh leis an onnmhairiú agus a fhágfaidh go bhféadfar éagsúlú a dhéanamh ar na slabhraí soláthair agus ar allmhairí. I gcomhthráth leis sin, ní mór cosaint a thabhairt i gcoinne rioscaí slándála agus na caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil a urramú. Cuireann CESE i bhfáth a riachtanaí atá ról an iompair má táthar chun comhpháirtíochtaí le tíortha atá ar aon intinn leis an Aontas a éascú agus a chothú ar mhór-ranna eile agus i gcomharsanacht an Aontais araon, go háirithe i gcomhthéacs mhéadú an Aontais.

1.5. Feictear do CESE gur gá a thuilleadh a dhéanamh le hathléimneacht agus iontaofacht na gcóras iompair a fheabhsú. Is gá an phleanáil teagmhasachta a threisiú le bheith ullamh le rioscaí hibrideacha éagsúla a láimhseáil, cibearbhagairtí agus ionsaithe fisiciúla ar an mbonneagar iompair san áireamh. Ós rud é gur ag dul i méid atá an dlúthcheangal idir na córais iompair, na córais fuinnimh, agus na córais dhigiteacha, caithfear iad a fhorbairt ar bhealach comhoiriúnach, agus caithfear slándáil an bhonneagair chriticiúil a áirithiú. Caithfear infhaighteacht agus feidhmiú an bhonneagair breosla a áirithiú freisin.

1.6. Tarraingíonn CESE aird freisin ar an drochthionchar atá á imirt ag cúrsaí geopholaitiúla ar an aistriú glas agus éilíonn sé infheistíocht chuí a dhéanamh le bealaí iomaíocha a aimsiú leis an rochtain a áirithiú ar na teicneolaíochtaí, an fuinneamh, agus na hamhábhair a theastaíonn le haghaidh aistriú glas earnáil an iompair. Cuireann CESE i bhfáth freisin go bhfuil géarghá le fáil faoi réir d'iarmhairtí na géarchéime aeráide do na córais iompair agus iad a láimhseáil.

1.7. Feictear do CESE gur gá sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile cistiúchán iomchuí a leithdháileadh ar dhóigh spriocdhírithe le haghaidh fhorbairt agus chothabháil an bhonneagair iompair, agus tús áite a thabhairt don sprioc croíghréasán TEN-T a chur i gcrích faoi 2030. An chéad saoráid eile um chónascadh na hEorpa, caithfear í a dhíriú ar thionscadail trasteorann, mar aon le tionscadail a dhíríonn ar dheireadh a chur le scrogaill agus bearnaí sa chroíghréasán agus sa ghréasán cuimsitheach. Ó thaobh na slándála cuimsithí de, tá sé tábhachtach feabhas a chur ar an mbeocht atá i réigiúin teorann an Aontais agus cur leis na naisc atá acu leis an margadh aonair. Maidir leis an gcistiúchán a leithdháileadh, caithfear cuimhneamh ar bhuntáistí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon an bhonneagair iompair, lena n-áirítear an fás agus poist a chruthú.

1.8. D'fhonn córas iompair Eorpach a sheasfaidh an aimsir a áirithiú, éilíonn CESE ar na gníomhaithe éagsúla dul i ndlúthchomhar le chéile, mar aon le hanailís chuimsitheach straitéiseach a dhéanamh ar na constaicí atá i margadh an iompair agus ar iarmhairtí fadtéarmacha na ngéarchéimeanna a bhí ann cheana féin do na slabhraí soláthair, maille le meastóireacht ar an éileamh ar réitigh theicneolaíocha nua agus feabhsuithe riaracháin ar mhaithe leis na dúshláin agus na riachtanais forbartha a fhreagairt.

1.9. Ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar na hacmhainní daonna a theastaíonn in earnáil an iompair. Chuige sin, tá gá le céimeanna a ghlacadh chun soghluaisteacht an lucht saothair a éascú, inniúlachtaí agus scileanna a fheabhsú, agus earnáil an iompair a dhéanamh níos tarraingtí.

2. **Cúlra**

2.1. Is gá don Aontas tosaíocht a dhéanamh de chur i gcrích an mhargaidh aonair, agus is gá beart ina thaobh a dhéanamh gan mhoill má táthar chun iomaíochas agus rathúnas na hEorpa a mhéadú. Tá beartas an ghréasáin thras-Eorpaigh (TEN-T) ar cheann de na príomhuirlisí maidir le Ballstáit, gnólachtaí, agus saoránaigh an Aontais a nascadh le chéile d'fhonn limistéar an mhargaidh aonair a chruthú. Bonneagar iompair cuí agus na seirbhísí iompair gaolmhara, is réamhriachtanas iad má táthar chun saorghluaiseacht na ndaoine agus na n-earraí a bhaint amach agus is sampla nithiúil iad den tábhacht a bhaineann le saoirsí an Aontais do na saoránaigh. Tá an bonneagar digiteach agus bonneagar an iompair fite fuaite ina chéile, agus, dá bhrí sin, caithfear iad a fhorbairt dá réir. Má chuirtear le nascacht an mhargaidh aonair, éascófar méadú breise ar an trádáil agus cuirfear le hiomaíochas an Aontais sa chomhthéacs domhanda.

2.2. Tá ról ríthábhachtach ag na gréasáin iompair ó thaobh na slándála cuimsithí de freisin, idir an tslándáil eacnamaíoch agus an tslándáil mhíleata. Cuid an-tábhachtach den scéal is ea an lóistíocht, maidir le slándáil na slabhraí soláthair i gcás na dtáirgí tionsclaíocha agus na ngnáth-thráchtearraí laistigh den mhargadh aonair. Éascaíonn na naisc iompair an trádáil idirnáisiúnta freisin, rud a bhfuil gá leis — in éineacht leis an margadh aonair — do shlándáil eacnamaíoch an Aontais. Lena chois sin, déanann an bonneagar iompair soghluaisteacht na ndaoine agus na n-ábhar chun críoch cosanta a éascú. Mar sin féin, bíonn an bonneagar iompair féin i mbaol a ionsaithe, idir ionsaithe fisiciúla agus chibearbhagairtí.

2.3. Fágann sé sin go bhfuil bonneagar iompair dea-fheidhmiúil comhtháite seasmhach ag teastáil, ní hamháin ar son an mhargaidh aonair ann féin ach freisin má theastaíonn ón Aontas stádas níos cumhachtaí a bheith aige ar an leibhéal domhanda agus cur lena chumas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin idirnáisiúnta. Saincheist eile a léiríonn tábhacht na nasc iompair is ea próiseas méadaithe an Aontais, i bhfianaise a mbeidh ag teastáil ón margadh inmheánach méadaithe a bheidh ann amach anseo.

2.4. Mar sin féin, is ann go fóill do chuid mhaith bacainní a bhaineann leis an iompar ar cheart fáil réidh leo d'fhonn an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as an margadh aonair. Lena chois sin, tá dúshláin agus éilimh nua tagtha chun cinn mar gheall ar na hathruithe suntasacha atá tarlaithe ar chúrsaí geopholaitiúla agus geo-eacnamaíocha, athruithe arb iad is cúis leo, i measc nithe eile, cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus an méadú atá tagtha ar líon na n-oibríochtaí hibrideacha de chineálacha éagsúla, ilroinnt an gheilleagair dhomhanda agus na trádála domhanda, in éineacht leis an gcaomhnaitheacht agus an iomaíocht d'acmhainní criticiúla a bheith ag dul i méid, mar aon le hiarmhairtí na paindéime do na slabhraí soláthair agus na naisc iompair.

2.5. Tá sé thar a bheith tábhachtach na bearta is gá a dhéanamh le dul i ngleic leis na heasnaimh atá ann cheana féin i ngréasán iompair an Aontais mar aon leis na dúshláin nua atá ag dul i méid arb iad cúrsaí geopholaitiúla mar atá is cúis leo. Baineann sé sin leis na naisc iompair idirnáisiúnta freisin, ar gá cuimhneamh orthu ó thaobh na heacnamaíochta agus na slándála de araon, d'fhonn na rioscaí slándála eacnamaíocha agus geopholaitiúla a láimhseáil, agus tacaíocht á tabhairt san am céanna do chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha nua.

2.6. Caithfear a thabhairt faoi deara, ó thaobh na modhanna difriúla iompair de, gur ar bhealaí éagsúla atá aghaidh tugtha ag na Ballstáit ar an gcomhthéacs geopholaitiúil nua, go háirithe maidir leis an nascacht agus an rochtain ar an margadh aonair, ach maidir leis na naisc idirnáisiúnta freisin.

2.7. Is é is aidhm don tuairim féintionscnaimh seo tionchar cúrsaí geopholaitiúla mar atá ar riachtanais nascacht fhisiciúil an iompair sa mhargadh aonair a mheas agus cuimhneamh ar ar cheart a dhéanamh le bonneagar iompair an Aontais a fhorbairt mar fhreagairt ar an gcomhthéacs nua atá ag athrú i gcónaí. Lena chois sin, ón taobh praiticiúil de, cuirtear bearta beartais chun cinn sa tuairim seo lenar féidir na feabhsuithe a theastaíonn a bhaint amach. Tá sé tábhachtach agus ábhartha an méid seo a phlé anois, agus tús á chur le téarma oifige nua na n-institiúidí Eorpacha.

3. **Riachtanais forbartha maidir le naisc iompair agus bonneagar iompair an Aontais**

3.1. ***Gréasán iompair atá oiriúnach don fheidhm***

3.1.1. Tá géarghá le gréasán TEN-T a chur i gcrích mar a chomhaontaigh na comhreachtóirí, chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus chun cuidiú le baint amach chuspóirí soghluaisteachta inbhuanaithe an Aontais, mar aon leis an gcomhtháthú críochach idir na Ballstáit a neartú.

3.1.2. I bhfianaise na rioscaí domhanda atá ag dul i méid, is amhlaidh is tábhachtaí anois é don Aontas slándáil an tsoláthair fuinnimh, amhábhar, comhpháirteanna agus táirgí a áirithiú, go háirithe soláthar na n-amhábhar criticiúil. Is éard a chiallaíonn sé sin na comhpháirtíochtaí le tríú tíortha a éagsúlú agus acmhainneacht táirgeachta an Aontais féin a neartú, mar aon leis an rochtain ar na hacmhainní náisiúnta fuinnimh agus amhábhair a éascú, lena n-áirítear san Artach agus i limistéir eile ina bhfuil a lán acmhainní nádúrtha. Baineann sé sin le réimse leathan earnálacha, idir an táirgeadh príomhúil agus earnálacha éagsúla tionsclaíochta. Ní mór do ghréasáin iompair an Aontais a bheith in ann na dúshláin seo a fhreagairt agus dálaí níos fearr a chur ar fáil le haghaidh réitigh iompair chómhódúil agus úsáid modhanna éagsúla iompair, an t-iompar lastais d'iarnród san áireamh.

3.1.3. Is amhlaidh atá don dáileadh táirgí freisin. Ar mhaithe le hathléimneacht an mhargaidh aonair, ní mór lóistíocht an lastais agus seachadadh na dtáirgí tomhaltais a chuíchóiriú agus a chur in oiriúint dá bhfuil tite amach sa táirgeadh agus sna slabhraí soláthair. Cé go bhfuil sé ríthábhachtach an t-iompar a éascú sna codanna is lárnaí agus is déine úsáid den ghréasán iompair, tá sé fíorthábhachtach freisin a chinntiú go ndéanann an gréasán nascacht mhaith agus rochtain chuí ar an margadh aonair a chur ar fáil do na limistéir fhorimeallacha.

3.1.4. Is gá béim i bhfad Éireann níos mó a leagan ar na gnéithe slándála den scéal, riachtanais chosanta san áireamh, faoi chuimsiú bheartas TEN-T agus na saoráide um chónascadh na hEorpa. An plean gníomhaíochta maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata don tréimhse 2022-2026 ([1]), ní mór é a chur chun feidhme i gceart agus súil ghéar á coinneáil ar a bhfuil ag titim amach ó thaobh na geopholaitíochta de agus ar ullmhú a dhéanamh do na riachtanais a bheidh ann sna blianta amach romhainn.

3.1.5. Is ina iomláine is gá cuimhneamh ar an ngréasán iompair i gcónaí, ó thaobh na modhanna éagsúla iompair de, agus aird ar leith a thabhairt ar na nóid a éascaíonn an ilmhódúlacht. Calafoirt na hEorpa, idir an tuaisceart agus an deisceart, an t-oirthear agus an t-iarthar, agus na naisc atá acu leis an gcúlchríoch, is cuid riachtanach iad de shábháilteacht, slándáil, agus feidhmiú na sochaí. Ina fhianaise sin, is gá a mheas — ó thaobh an bheartais cosanta de freisin — cé na calafoirt atá criticiúil, cinn nach cuid iad den chroíghréasán ná den ghréasán cuimsitheach a leagadh amach i rialachán TEN-T fiú amháin. Tá an loighic chéanna i gceist i gcás na heitlíochta agus na n-aerfort.

([1]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52022JC0048&qid=1736714485043.

3.2. ***Athléimneacht fheabhsaithe na gcóras iompair***

3.2.1. An comhthéacs geopholaitiúil atá anois ann, tugann sé chun suntais a thábhachtaí atá athléimneacht agus iontaofacht chórais iompair an Aontais. Éilíonn sé freisin an phleanáil teagmhasachta a threisiú, le bheith ullamh i gceart chun na cineálacha éagsúla bagairtí a láimhseáil.

3.2.2. Is féidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe fisiciúla ar an gcóras iompair cur isteach ar na modhanna iompair go léir agus, dá bhrí sin, ar fheidhmiú na sochaí ina hiomláine. An cur isteach ar an gcóras suite domhanda, rud atá ag dul i méid, go háirithe san iompar muirí agus san eitlíocht, caithfear dul i ngleic leis ionas nach dtiocfaidh limistéir chun cinn san Aontas nach gcloítear leis na ceanglais sábháilteachta iontu nó nach bhfuil cuideachtaí in ann ná sásta feidhmiú iontu a thuilleadh. Na hiarmhairtí eacnamaíocha a bhainfeadh le ceantair san Aontas a bheadh le seachaint ag gníomhaithe iompair, bheidís iomarcach do Bhallstáit agus gníomhaithe eacnamaíocha an Aontais.

3.2.3. Ós rud é gur ag dul i méid atá an dlúthcheangal idir na córais iompair, na córais fuinnimh, agus na córais dhigiteacha, caithfear iad a fhorbairt ar bhealach comhoiriúnach. Caithfear slándáil an chórais iompair a chur san áireamh i gcomhthéacs foriomlán an bhonneagair chriticiúil. Agus leictriú agus digiteáil á ndéanamh ar an gcóras iompair, cuir i gcás, is gá níos mó ná riamh a bheith ullamh chun déileáil le cur isteach ar an soláthar fuinnimh agus ionsaithe cibearshlándála araon. Tá sé tábhachtach freisin, go háirithe le linn géarchéimeanna, go mbeadh bonneagar breosla dea-fheidhmiúil ann agus leordhóthain cúltaiscí.

3.2.4. I rith phaindéim COVID-19, bhí na slabhraí soláthair i mbaol mar gheall ar an gcur isteach ar an iompar idirnáisiúnta, ach freisin mar gheall ar theorainneacha inmheánacha de chuid an Aontais a bheith á ndruidim. Tar éis na paindéime, fiú, tá cuid de na Ballstáit thíos leis an nascacht laghdaithe laistigh den mhargadh aonair agus ar bhonn idirnáisiúnta araon. Ina fhianaise sin go léir, caithfear feabhas a chur ar a ullmhaithe atá an tAontas do réimse géarchéimeanna difriúla, agus an taithí a fuarthas ó na géarchéimeanna atá tite amach go dtí seo a chur chun tairbhe, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as an idirphlé sóisialta chun teacht ar réitigh.

3.2.5. Bíonn tionchar ag cúrsaí geopholaitiúla ar chur chun feidhme an aistrithe ghlais freisin, earnáil an iompair san áireamh. Má táthar chun droim láimhe a thabhairt don bhreosla iontaise, breoslaí malartacha a fhorbairt agus an spleáchas ar allmhairí iomarcacha contúirteacha a laghdú, caithfear dianiarracht a dhéanamh bealaí nua a aimsiú le soláthar daingean na dteicneolaíochtaí agus na n-amhábhar ríthábhachtach is gá le haghaidh aistriú glas na hearnála iompair a áirithiú, mar aon le rochtain orthu sin. Chuige sin, caithfear acmhainneachtaí táirgeachta an Aontais a neartú, mar aon leis an mbonneagar iompair gaolmhar in earnálacha lena n-áirítear eastóscadh agus próiseáil na mianraí criticiúla agus táirgeadh na hidrigine agus an bhithbhreosla. Caithfear déanamh amhlaidh gan iomaíochas na hearnála iompair a chur i mbaol ach é a neartú. Is gá freisin infhaighteacht breoslaí a dhaingniú chun críoch cosanta.

3.2.6. Baol atá sa ghéarchéim aeráide a bhíonn ag bagairt ar na córais iompair freisin, agus líon na dtuilte, na stoirmeacha, agus na bhfeiniméan adhaimsire eile ag dul i méid agus ag cur isteach ar an mbonneagar. Dá bhrí sin, tá gá le bearta cuí ullmhachta agus oiriúnaithe chun freagairt do thionchar na géarchéime aeráide, rud a chuirtear i bhfáth i dtuarascáil Niinistö maidir leis an ullmhacht shibhialta agus mhíleata ([2]).

3.3. ***De bhreis ar an margadh aonair***

3.3.1. Chomh maith le naisc dhea-fheidhmiúla a chur chun cinn laistigh den Aontas, ní mór an nascacht le tríú tíortha a neartú freisin, i gcaoi is go dtugtar cosaint i gcoinne rioscaí slándála agus go n-urramaítear na caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil. Mar fhreagairt ar dhrochthionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá bearta breise glactha chun feabhas a chur ar an nascacht leis an Úcráin agus an Mholdóiv ar tíortha comharsanacha iad. Sa chomhthéacs geopholaitiúil nua, tá gá freisin le naisc dhaingne a áirithiú idir Ballstáit an Aontais agus na tíortha eile is iarrthóirí, mar aon le tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus an Ríocht Aontaithe.

3.3.2. Mar gheall ar a bhfuil tite amach ó thaobh na geopholaitíochta de, tá athruithe tagtha chun cinn freisin ar na comhpháirtíochtaí eacnamaíocha le tíortha ar mhór-ranna eile, agus béim leagtha as an nua ar an gcomhar le tíortha atá ar aon intinn leis an Aontas. Chuige sin, is gá naisc iompair idirnáisiúnta iomchuí a fhorbairt. Agus slándáil an tsoláthair á neartú trí shlabhraí soláthair a éagsúlú, tá sé tábhachtach freisin naisc iomchuí a chaomhnú chun críoch onnmhairithe. Caithfear réitigh nua a aimsiú freisin mar fhreagairt ar an nascacht laghdaithe arb iad smachtbhannaí i gcoinne na Rúise is cúis léi, toirmeasc ar aerspás a úsáid le haghaidh traseitiltí, cuir i gcás.

([2]) https://commission.europa.eu/document/5bb2881f-9e29-42f2-8b77-8739b19d047c_en.

3.3.3. Seasamh na ngníomhaithe Eorpacha a dhéanamh níos láidre in earnáil an iompair dhomhanda, sin bealach amháin is féidir slándáil eacnamaíoch fhoriomlán an Aontais a fheabhsú. Chuige sin, caithfear cothrom na Féinne a bhaint amach do ghnólachtaí na seirbhísí cianiompair, dream ar gá dóibh rioscaí níos mó agus costais níos mó a láimhseáil, go háirithe i réimse na heitlíochta agus an iompair mhuirí. Dá mb'fhabhraí na dálaí do thionscal monaraíochta na hEorpa, tionscail na longthógála agus na n-aerárthaí san áireamh, chuirfeadh sé sin freisin le tionchar domhanda an Aontais in earnáil an iompair.

3.3.4. Comhpháirtíochtaí maidir le bonneagar an iompair faoi chuimsiú *Global Gateway*, sin bealach eile arís chun ról an Aontais a neartú ar an leibhéal domhanda agus nascacht ghréasán TEN-T a fhorbairt a thuilleadh.

4. **Bearta beartais a éascú**

4.1. ***Leithdháileadh spriocdhírithe an chistiúcháin***

4.1.1. Na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear le haghaidh fhorbairt an bhonneagair iompair sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, beidh ról ríthábhachtach acu sin maidir lena áirithiú go ndéanfaidh an córas iompair ina iomláine an nascacht sa mhargadh aonair a chur chun cinn agus go dtacóidh sé leis an iomaíochas, an tslándáil, agus an inbhuanaitheacht. Ní ar bhonn gearrthéarmach amháin ba cheart caitheamh leis an infheistíocht sa bhonneagar, caithfear na héifeachtaí iolraitheora fadtéarmacha a chur san áireamh freisin.

4.1.2. Caithfear aitheantas ceart a thabhairt do ról an iompair mar ghné ríthábhachtach de bhaint amach chuspóirí straitéiseacha an Aontais. Dá réir sin, sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, is gá leibhéal iomchuí cistiúcháin a chur ar fáil chun freastal a dhéanamh ar an infheistíocht a theastaíonn i bhforbairt agus cothabháil an bhonneagair iompair, agus tús áite a thabhairt don sprioc croíghréasán TEN-T a chur i gcrích faoi 2030.

4.1.3. D'fhonn tacaíocht a thabhairt do na cláir a fhreastalaíonn ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, caithfear an chéad saoráid eile um chónascadh na hEorpa a dhíriú ar thionscadail trasteorann, mar aon le tionscadail a dhíríonn ar dheireadh a chur le scrogaill agus bearnaí sa chroíghréasán agus sa ghréasán cuimsitheach.

4.1.4. I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann, caithfear aird níos mó a thabhairt ar na gnéithe slándála, riachtanais soghluaisteachta míleata agus dé-úsáid an bhonneagair, cuir i gcás. Ar chúiseanna slándála, ní mór an cás mar atá i réigiúin ar theorainneacha thoir an Aontais a chur san áireamh sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, lena n-áirítear i dtéarmaí bonneagair iompair le go bhféadfar athléimneacht agus beocht na réigiún sin, maille leis na naisc atá acu leis an margadh aonair, a neartú.

4.1.5. Ní beag an cistiúchán a theastaíonn chun gréasán TEN-T a chur i gcrích agus bonneagar iompair an Aontais a fhorbairt. Mar sin féin, má dhéantar infheistíocht sa bhonneagar, spreagfar fás agus cruthófar poist ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach. De bhreis ar an gcistiúchán poiblí, ba cheart béim ní ba mhó a leagan ar na bearnaí airgeadais a dhruidim trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn chun bonneagar nua a thógáil agus an bonneagar atá ann cheana féin a chothabháil agus a bhainistiú ar mhaithe le cách. Chuige sin, d'fhéadfaí cuimhneamh ar ionstraimí nua, bannaí tionscadail, cuir i gcás, a thabhairt isteach.

4.2. ***Comhar agus anailís straitéiseach***

4.2.1. D'fhonn meascán mearaí córas difriúil a sheachaint agus córais iompair á bhforbairt, beidh comhar ag teastáil ar leibhéil éagsúla: idir an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit; idir na Ballstáit féin; agus idir lucht déanta cinntí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Lena chois sin, beidh gá le comhar idirnáisiúnta i gcás na nasc iompair le tríú tíortha. Maidir le saincheisteanna slándála, cosaint an bhonneagair chriticiúil san áireamh, ba cheart leas iomlán a bhaint as an gcomhpháirtíocht straitéiseach agus as an gcomhar struchtúrtha le ECAT.

4.2.2. Beidh gá freisin le dlúthchomhar idir an earnáil phoiblí agus na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear gnólachtaí, ceardchumainn, agus eagraíochtaí eile de chuid na sochaí sibhialta. Ní mór aird chuí a thabhairt ar na hacmhainní daonna a theastaíonn in earnáil an iompair. Chuige sin, tá gá le céimeanna a ghlacadh chun soghluaisteacht an lucht saothair a éascú, inniúlachtaí agus scileanna a fheabhsú, agus earnáil an iompair a dhéanamh níos tarraingtí.

4.2.3. Má tá earnáil an iompair le bheith slán i bhfad na haimsire, beidh gá le hinfheistíocht mhór sa nuálaíocht agus sna teicneolaíochtaí nua. Caithfear an ról tábhachtach atá ag na conairí iompair a chosaint, ar binsí tástála iad do na réitigh a bheidh ag teastáil amach anseo.

4.2.4. An t-ualach riaracháin a laghdú, i gcomhréir le tosaíochtaí an Choimisiúin, is gá go mbeidh sé sin le brath in earnáil an iompair freisin. An próiseas riaracháin a bhaineann le forbairt an bhonneagair iompair, caithfear é a chuíchóiriú, an phleanáil maidir le húsáid talún agus nósanna imeachta ceadúcháin san áireamh, agus inbhuanaitheacht na dtionscadal á háirithiú i gcónaí. Pleanáil iompair níos comhordaithe, prionsabail choiteanna, an ilroinnt a laghdú, creat pleanála do gach tréimhse sé bliana, ba cheart an méid sin go léir a fhiosrú.

4.2.5. Agus straitéis nua don mhargadh aonair á hullmhú, ba cheart don Choimisiún a mheas mar is féidir feabhas a chur ar na córais iompair ar fud an Aontais, chun na slabhraí soláthair a dhaingniú in earnálacha criticiúla agus leochaileacha, i ngnáthchúinsí agus i gcásanna eisceachtúla araon. Sa mheastóireacht sin, caithfear gach limistéar geografach den Aontas a chuimsiú, na hoileáin agus na limistéir iargúlta san áireamh.

4.2.6. Beidh anailís chuimsitheach ag teastáil ar na bacainní is mó i margadh iompair gach ceann de na Ballstáit, má táthar chun an ilroinnt atá i réim faoi láthair a chur ina ceart. Is gá anailís chuí a dhéanamh chun iarmhairtí fadtéarmacha COVID-19 do na slabhraí iompair agus soláthair a mheas. Is gá freisin anailís a dhéanamh chun iarmhairtí chogadh foghach na Rúise a thuiscint maidir le gach modh iompair agus chun bacainní nua a d'fhéadfadh a bheith ann roimh an nascacht i limistéir dhifriúla den Aontas a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu dá réir. San anailís sin, caithfear an eitlíocht, na hiarnróid, na huiscebhealaí intíre, agus bealaí loingseoireachta gearrthurais a chumhdach, mar aon leis na bóithre ar nasc iad idir nóid uirbeacha, calafoirt mhuirí agus intíre, aerfoirt agus críochfoirt, agus réigiúin éagsúla den Aontas. Ní mór don mheastóireacht sin cuimhneamh freisin ar an tionchar arna imirt ar an gcomhtháthú inmheánach agus an nascacht idir na Ballstáit.

An Bhruiséil, an 26 Feabhra 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE